C/2025/3004

4.6.2025

**TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN**

# Doiciméad treorach maidir leis an sainmhíniú ar 'choinníollacha céanna úsáide ar fud an Aontais' i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid

(C/2025/3004)

## A. CÚLRA

Ní mór táirgí bithicídeacha a údarú sula gcuirtear ar fáil ar an margadh iad agus sula n-úsáidtear san Aontas iad. Tá sé sin i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ([1]), Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha déantar foráil maidir le nósanna imeachta éagsúla um iarratais chun an t-údarú sin a fháil. Mar rogha mhalartach ar iarratas a dhéanamh ar údarú náisiúnta agus ar aitheantas frithpháirteach chun rochtain a fháil ar mhargaí aonair na mBallstát, is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar údarú Aontais chun rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais i ngach Ballstát (Airteagal 41 de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha).

Ní féidir iarratais ar údarú Aontais a dhéanamh ach i gcás cineálacha áirithe táirgí bithicídeacha. Le hAirteagal 42(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha eisiatar go sainráite táirgí áirithe ó údarú Aontais agus suitear nach bhfuil táirgí nach n-eisiatar go sainráite incháilithe ach amháin má tá coinníollacha comhchosúla úsáide ('coinníollacha céanna úsáide' an fhoclaíocht atá i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012) acu ar fud an Aontais. Maidir le hiarratais ar údarú Aontais a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA), ní mór deimhniú a bheith ag gabháil leo go mbeadh coinníollacha comhchosúla úsáide ag an táirge bithicídeach ar fud an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha.

In Airteagal 42(2) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún doiciméid treorach maidir leis an sainmhíniú ar 'choinníollacha céanna úsáide ar fud an Aontais' a tharraingt suas. Le himeacht ama thángthas ar chomhthuiscint ar an gcoincheap sin le húdaráis inniúla na mBallstát maidir le táirgí bithicídeacha sa ghrúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin de na húdaráis inniúla maidir le bithicídí (cruinniú UI) ([2]).

Is é is cuspóir don doiciméad seo treoraíocht a sholáthar maidir leis an sainmhíniú ar 'choinníollacha céanna úsáide ar fud an Aontais' mar réamhriachtanas chun iarratas a dhéanamh ar údarú Aontais le haghaidh táirgí bithicídeacha. Soláthraítear leis freisin roinnt treoirlínte praiticiúla maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith sa deimhniú go bhfuil coinníollacha comhchosúla úsáide ar fud an Aontais ag an táirge bithicídeach, rud nach mór a chur isteach in éineacht le hiarratas ar údarú Aontais.

## B. SAINMHÍNIÚ AR 'CHOINNÍOLLACHA CÉANNA ÚSÁIDE AR FUD AN AONTAIS'

Tá an méid seo a leanas ábhartha agus sainmhíniú á thabhairt ar 'choinníollacha céanna úsáide'.

### 1. Táirgí a eisiatar go sainráite ó údarú Aontais

In Airteagal 42(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha eisiatar go sainráite ó raon feidhme an údaraithe Aontais táirgí bithicídeacha ina bhfuil substaintí gníomhacha a thagann faoi Airteagal 5 de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha agus táirgí de chineálacha táirgí 14, 15, 17, 20 agus 21 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Ní féidir iarratais ar údarú Aontais a chur isteach le haghaidh táirgí bithicídeacha den sórt sin.

Tá úsáid táirgí bithicídeacha ina bhfuil substaintí gníomhacha a chomhlíonann na critéir maidir le heisiaimh srianta do Bhallstáit ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de choinníollacha Airteagal 5(2) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Tá gá le measúnú is sonrach do Bhallstáit i gcás na dtáirgí sin, rud a bhféadfadh conclúidí éagsúla a bheith mar thoradh air maidir le críocha an Bhallstáit.

Leis na cineálacha táirgí a eisiatar cumhdaítear táirgí a bhféadfaidh na Ballstáit diúltú údaruithe a dheonú dóibh ar fhorais leasa ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 37(4) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, nó táirgí a bhfuil fianaise ann ina leith go bhfuil sé thar a bheith deacair coinníollacha úsáide a chomhchuibhiú sa nós imeachta maidir le haitheantas frithpháirteach. Dá bhrí sin, tá na táirgí sin eisiata ó raon feidhme an údaraithe Aontais toisc go meastar go bhfuil coinníollacha éagsúla úsáide acu sna Ballstáit, agus nach bhféadfaí cinneadh a dhéanamh maidir le húdarú comhchuibhithe comhchoiteann.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Grúpa E03125 — Údaráis Inniúla maidir le Táirgí Bithicídeacha Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

Cé nach ndéantar táirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí eile a eisiamh ón raon feidhme go ginearálta, níl siad incháilithe go huathoibríoch d'údarú Aontais. Ina ionad sin, ní mór a shuí i gcás gach úsáide aonair go mbeadh coinníollacha comhchosúla úsáide ag an táirge bithicídeach lena mbaineann ar fud an Aontais. Ní mór do na hiarratasóirí é sin a dheimhniú nuair a chuireann siad an t-iarratas isteach.

Maidir le táirgí ina bhfuil substaintí gníomhacha atá inbhreithnithe lena n-ionadú i gcomhréir le hAirteagal 10(1) Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, ní eisiatar iad ó údarú Aontais mura dtagann siad faoi Airteagal 5, ach d'fhéadfadh coinníollacha éagsúla úsáide a bheith ag na táirgí sin sna Ballstáit de thoradh an mheasúnaithe chomparáidigh i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Sa chás sin, ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha breithniú a dhéanamh, dá bhrí sin, ar iarratas a dhéanamh ar údarú Aontais nó ar údarú náisiúnta, chun plé casta a sheachaint, nó chun an riosca nach ndeonófaí údarú Aontais a sheachaint má chinntear ar deireadh nach bhfuil coinníollacha comhchosúla úsáide ag an táirge ar fud an Aontais.

## 2. **Cuspóir an cheanglais maidir le 'coinníollacha céanna úsáide ar fud an Aontais'**

Le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha rinne na comhreachtóirí foráil maidir le hiarratas a dhéanamh ar údarú Aontais chun gur fusa táirgí áirithe a chur ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais, ar táirgí iad lena ngabhann coinníollacha comhchosúla úsáide i ngach Ballstát (aithris 26 de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha). Mar sin, cé gurb é is cuspóir d'údarú Aontais rochtain ar an margadh a sholáthar i ngach Ballstát trí nós imeachta Aontais aonair, tá an fhéidearthacht sin teoranta do tháirgí a bhfuil coinníollacha comhchosúla úsáide acu i ngach Ballstát. Is é is cuspóir don teorainn sin ar an raon feidhme a áirithiú gur féidir údarú an táirge a láimhseáil iarbhír agus go héifeachtach faoi nós imeachta láraithe aonair ar bhonn measúnú amháin agus gur féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le húdarú comhchuibhithe aonair. Tá gá le measúnuithe aonair ó gach Ballstát de réir choinníollacha éagsúla úsáide an táirge, rud a thagann salach ar choincheap an nós imeachta láraithe aonair. Baineann sé sin freisin le cásanna inar ghá na coinníollacha úsáide a bheith éagsúil ar chúiseanna oibiachtúla, amhail difríochtaí sna dálaí aeráide nó ó thaobh láithreacht spriocorgánach de sna Ballstáit.

## 3. **Coinníollacha úsáide**

De réir Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha ní mór 'coinníollacha úsáide' an táirge bhithicídigh a bheith comhchosúil ar fud an Aontais le haghaidh údaruithe Aontais. De réir Airteagal 3(1)(k) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, ciallaíonn 'úsáid' '*gach oibríocht a dhéantar le táirge bithicídeach, lena n-áirítear stóráil, láimhseáil, meascadh agus forchur* (...)'. Cuimsítear na coinníollacha úsáide san údarú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha agus sonraítear iad sin san achoimre ar shaintréithe an táirge (AST).

Ba cheart 'coinníollacha úsáide' a thuiscint sa chiall is leithne mar thagairt do na gnéithe uile a bhaineann le húsáid an táirge, lena n-áirítear, mar shampla, an tuairisc bheacht ar úsáid an táirge, na spriocorgánaigh, dáileoga forchuir agus treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca, catagóir na n-úsáideoirí, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint, treoracha maidir le diúscairt shábháilte, dálaí stórála agus seilfré an táirge.

I gcomhthéacs údarú Aontais, is é an t-iarratasóir a mholann coinníollacha úsáide an táirge mar chuid den dréacht-AST a chuirtear isteach in éineacht leis an iarratas, a ndéanann an t-údarás inniúil meastóireachta agus Coiste an ECHA um Tháirgí Bithicídeacha measúnú orthu ansin, agus is é an Coimisiún a shocraíonn na coinníollacha sin de réir thoradh an mheasúnaithe san AST atá i gceangal leis na Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena ndeonaítear an t-údarú Aontais.

## 4. **Comhchosúlacht ar fud an Aontais**

De réir Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha ní mór coinníollacha úsáide 'céanna' a bheith ag an táirge bhithicídigh le haghaidh údaruithe Aontais. Tá 'inchomparáide' agus 'comhchosúil' ina gcomhchiallaigh ar 'céanna'. Ós rud é gurb é a bheartaítear le coincheap an údaraithe Aontais rochtain a thabhairt ar mhargadh an Aontais trí nós imeachta láraithe aonair bunaithe ar mheasúnú comhchoiteann amháin, ba cheart, i bprionsabal, na coinníollacha úsáide don táirge a bheith mar an gcéanna ar fud an Aontais. Tá difríochtaí teoranta sna coinníollacha úsáide inghlactha má tá siad fós inchomparáide agus mura mbíonn gá le measúnú sonrach breise mar thoradh orthu.

I roinnt iarratas roimhe seo ar údarú an Aontais, glacadh le difríochtaí áirithe a bhain le gnéithe nach bhfuil sainithe go mion ag Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha agus cuimsíodh iad sna húdaruithe Aontais a mhéid a fhágann reachtaíocht an Aontais spás le haghaidh difríochtaí ar an leibhéal náisiúnta. I gcásanna den sórt sin, tá na coinníollacha úsáide a leagtar síos san údarú cineálach go leor chun a áirithiú go gcumhdaítear ceanglais náisiúnta nó áitiúla sna Ballstáit leo. Baineann sé sin, mar shampla, le difríochtaí náisiúnta idir na Ballstáit ina sainmhínithe ar na catagóirí úsáideoirí 'gairmiúla' agus 'gairmiúla oilte' nach bhfuil comhchuibhithe le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, tagairtí do leibhéil náisiúnta risíochta níos ísle sa láthair oibre le haghaidh substaintí áirithe i gcomhthéacs Threoir 98/24/CE ón gComhairle ([3]) nó difríochtaí i rialacha náisiúnta diúscartha i gcomhthéacs Threoir 2008/98/CE ([4]).

De ghnáth, ba ghá measúnú sonrach breise a dhéanamh ar dhifríochtaí i ndáileoga forchuir, i rátaí caolúcháin agus i spriocorgánaigh, toisc go bhféadfadh difríochtaí i riosca agus éifeachtúlacht an táirge a theacht as na difríochtaí sin agus nach measfaí gur coinníollacha úsáide 'céanna' iad de ghnáth.

### 5. **Conclúid**

Maidir leis an gceanglas 'coinníollacha céanna úsáide ar fud an Aontais' a bheith ag gach táirge nach bhfuil eisiata go sainráite ó údaruithe an Aontais, bhí sin ann chun a áirithiú gur féidir an t-iarratas ar údarú táirge a láimhseáil iarbhír agus go héifeachtach faoi nós imeachta láraithe aonair ar bhonn measúnú amháin laistigh de na tréimhsí ama dá bhforáiltear in Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha agus gur féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le húdarú comhchuibhithe aonair. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratasóirí a dhéanann iarratas ar údarú Aontais a áirithiú go bhfuil na coinníollacha úsáide atá beartaithe, i bprionsabal, mar an gcéanna agus níor cheart aon difríocht sna coinníollacha úsáide i mBallstáit éagsúla a bheith ag baint leo. Níl ach difríochtaí an-teoranta sna coinníollacha úsáide inghlactha, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha úsáide comhchosúil go fóill. Is féidir leis sin a bheith amhlaidh, mar shampla, nuair a fhágann reachtaíocht an Aontais atá ann cheana spás le haghaidh difríochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus nuair atá difríochtaí sna rialacha náisiúnta sna Ballstáit agus nach gá measúnú sonrach breise ar na difríochtaí sin.

Má chinneann an Coimisiún nach bhfuil aon choinníoll comhchosúil úsáide ar fud an Aontais don táirge, ní fhéadfar údarú Aontais a dheonú, toisc nach gcomhlíontar na ceanglais maidir le húdarú den sórt sin.

## C. **TREOIRLÍNTE MAIDIR LE DEIMHNIÚ NA GCOINNÍOLLACHA COMHCHOSÚLA ÚSÁIDE ATÁ LE SOLÁTHAR AG AN IARRATASÓIR**

Mar chuid dá n-iarratas ar údarú Aontais, ní mór d'iarratasóirí deimhniú a thabhairt go mbeadh coinníollacha comhchosúla úsáide ag an táirge bithicídeach ar fud an Aontais (Airteagal 43(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha). Meastar gur iarratas neamhiomlán atá ann in éagmais deimhniú den sórt sin. Dá bhrí sin, ag céim na bailíochta, ba cheart don údarás inniúil meastóireachta a sheiceáil ar sholáthair an t-iarratasóir an deimhniú in éineacht leis an iarratas. Mura bhfuil an deimhniú ann, ba cheart don údarás inniúil meastóireachta é a iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 43(4) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, agus ba cheart dó an t-iarratas a dhiúltú mura gcuirtear isteach é ar an iarraidh sin. Agus meastóireacht á déanamh ar an iarratas, ba cheart don údarás inniúil meastóireachta measúnú a dhéanamh an ann do choinníollacha comhchosúla úsáide ar fud an Aontais, ag féachaint do roinn B den treoraíocht seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir sa deimhniú agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil don údarás inniúil meastóireachta. Sa tuairim ó ECHA maidir leis an iarratas a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin (Airteagal 44(3) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha) ba cheart conclúid shoiléir a bheith ann i dtaobh an meastar an coinníoll sin le haghaidh údarú Aontais a bheith comhlíonta, mar bhonn don chinneadh ón gCoimisiún maidir leis an údarú i gcomhréir le hAirteagal 44(5) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha.

### 1. **Ábhar an deimhnithe a bhfuil coinne leis**

Ba cheart ábhar an deimhnithe arna sholáthar ag an iarratasóir a bheith ábhartha don nós imeachta agus cur leis an measúnú ar an gceanglas coinníollacha comhchosúla úsáide a bheith ag an táirge ar fud an Aontais. Ba cheart a lua go soiléir ann an bhfuil na coinníollacha úsáide atá molta ag an iarratasóir ar an údarú mar an gcéanna nó an bhfuil siad éagsúil.

([3]) Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/24/2024-04-08).

([4]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/2024-02-18).

Má tá siad éagsúil le chéile, ba cheart don iarratasóir na difríochtaí a chur i dtábhacht agus a mhíniú go soiléir agus a mhíniú cén fáth ar cheart a mheas go bhfuil na coinníollacha úsáide fós comhchosúil ag féachaint do na critéir a leagtar amach i gcuid B den doiciméad seo.

Mura bhfuil aon difríocht idir na coinníollacha úsáide san iarratas ar údarú, ba cheart don iarratasóir a mhíniú sa deimhniú conas a chinn sé nach mbeadh coinníollacha úsáide an táirge éagsúil sna Ballstáit. Ba cheart don iarratasóir tuairisc a thabhairt sa mhíniú ar na foinsí faisnéise maidir leis an gcaoi a seasann cúrsaí sna Ballstáit a ceadaíodh, an ndeachthas i dteagmháil le húdaráis inniúla na mBallstát maidir le staid an táirge, na freagairtí a fuarthas, agus na conclúidí ar ar tháinig an t-iarratasóir.

Ní iomchuí ráiteas simplí go bhfuil na coinníollacha úsáide mar an gcéanna nó comhchosúil ar fud an Aontais, toisc nach gcuireann sé leis an measúnú ar an gceanglas. Moltar d'iarratasóirí tús a chur le himscrúdú a dhéanamh ar staid na dtáirgí sna Ballstáit i bhfad sula gcuireann siad an t-iarratas isteach agus míniú a thabhairt ar a n-imscrúduithe agus ar an toradh mar chuid den deimhniú. Is chun leasa an iarratasóra é sin, chun cás a sheachaint nach féidir údarú Aontais a dheonú ina leith ar deireadh toisc gurb é conclúid an mheasúnaithe ar an iarratas nach mbeadh na coinníollacha úsáide comhchosúil ar fud an Aontais, agus sa chás sin gur ghá iarratas ar údarú náisiúnta agus ar aitheantas frithpháirteach a chur isteach.

## 2. **Foinsí faisnéise maidir le coinníollacha úsáide táirgí bithicídeacha sna Ballstáit**

Sula ndéanfadh iarratasóirí iarratas ar údarú Aontais, ba cheart dóibh faisnéis a bhailiú maidir leis na coinníollacha úsáide faoinar féidir na táirgí a chur ar an margadh sna Ballstáit, chun a mheas an bhfuil siad mar an gcéanna nó comhchosúil leo agus an mbeadh sé iomchuí, dá bhrí sin, iarratas a dhéanamh ar údarú Aontais. Ba cheart d'iarratasóirí na foinsí faisnéise seo a leanas a mheas:

I gcás táirgí a thairbhíonn de rialacha idirthréimhseacha náisiúnta agus a cuireadh ar fáil ar an margadh agus a úsáideadh sna Ballstáit le blianta fada sula raibh gá le hiarratas ar údarú táirge a chur isteach faoi Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas faoi na coinníollacha úsáide dá dtáirgí sna Ballstáit agus faoi aon difríocht eatarthu. Ba cheart an taithí agus an t-eolas sin a úsáid chun críoch an deimhnithe a chuirtear isteach leis an iarratas.

Foilsíonn roinnt Ballstát faisnéis maidir le coinníollacha úsáide a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí bithicídeacha ar a margadh féin. Tá spreagadh tugtha ag an gCoimisiún do na húdaráis inniúla uile maidir le bithicídí an fhaisnéis sin a fhoilsiú agus é a dhéanamh éasca rochtain a fháil uirthi ionas gur féidir le hiarratasóirí ionchasacha ar údarú Aontais í a cheadú agus an t-iarratas á ullmhú acu. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis atá ar fáil uileghabhálach agus ba cheart foinsí eile faisnéise a cheadú freisin.

Moltar d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit agus dul i gcomhairle leo faoi na coinníollacha úsáide is infheidhme maidir leis na táirgí a bhfuil údarú á lorg ina leith sula gcuirtear an t-iarratas isteach, agus ba cheart dóibh an fhaisnéis is gá faoi na táirgí a sholáthar freisin. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála na n-údarás inniúil maidir le húdaruithe Aontais ar shuíomh gréasáin ECHA atá tiomnaithe d'fhaisnéis faoi údaruithe Aontais ([5]).

I gcás roinnt saincheisteanna a bhaineann le difríochtaí sna coinníollacha úsáide sna Ballstáit nach bhfuil sainithe go mion le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha agus a mhéid a fhoráiltear maidir le difríochtaí le dlí an Aontais, measadh iad sin a bheith comhchosúil, agus thángthas ar bhealach chun cinn maidir le conas aghaidh a thabhairt orthu san údarú Aontais. Is é sin an cás maidir leis an méid seo a leanas:

a. Na sainmhínithe neamh-chomhchuibhithe ar na catagóirí úsáideoirí 'gairmiúla' agus 'gairmiúla oilte' – comhaontaíodh an abairt seo a leanas a chur le roinn 6 den AST:

   'Maidir leis an nóta "Catagóir/Catagóirí na n-úsáideoirí": 'Ciallaíonn gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíocha) gairmithe oilte má cheanglaítear sin leis an reachtaíocht náisiúnta.'

b. Tagairt do leibhéal náisiúnta risíochta níos ísle sa láthair oibre le haghaidh substaintí áirithe san AST – cuirtear tagairt ghinearálta do na luachanna tagartha náisiúnta níos ísle leis nuair a luaitear luachanna den sórt sin sa SPC, mar shampla sna bearta maolaithe riosca:

   '…Ní cheadaítear athiontráil ach amháin nuair a thiteann an tiúchan aeir le haghaidh na substainte "x" faoi bhun "y" ppm nó luach tagartha náisiúnta ábhartha níos ísle.'

([5]) https://echa.europa.eu/evaluating-competent-authorities-for-union-authorisation.

c. Rialacha náisiúnta/áitiúla maidir le diúscairt

d. Sonraí teagmhála náisiúnta lárionad nimhe a bheith ann

Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh go bhfuil coinníollacha áirithe maidir le húdarú Aontais le coigeartú go sonrach le haghaidh a gcríche féin, nó a iarraidh ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag údarú Aontais ina gcríoch féin, ar choinníoll gur féidir údar a thabhairt le hiarraidh den sórt sin ar cheann amháin nó níos mó de na forais dá dtagraítear in Airteagal 37(1) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha (Airteagal 44(5), an dara fomhír, Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha). Déanann an Coimisiún measúnú ar aon iarraidh den sórt sin agus féadfaidh sé glacadh léi nó diúltú di mura gcinntear go bhfuil údar léi. Má ghlactar léi, d'fhéadfadh coinníollacha úsáide a bheith choigeartaithe i gcás chríoch an Bhallstáit iarrthaigh mar gheall ar iarrataí den sórt sin ó na Ballstáit agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh difríochtaí sna coinníollacha úsáide sna Ballstáit eile a bheith ann dá bharr, sin nó gan feidhm a bheith ag údarú Aontais i gcríoch Ballstáit áirithe. Is féidir teacht ar nasc chuig faisnéis faoi na hiarrataí ó na Ballstáit a fuair an Coimisiún agus faoin gconclúid maidir le húdaruithe Aontais gaolmhara ar shuíomh gréasáin ECHA atá tiomnaithe d'údaruithe Aontais ([6]) agus ar Circabc ([7]). Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha an fhaisnéis sin a cheadú agus iarratas á ullmhú acu, agus cinneadh á dhéanamh acu freisin an mbeadh sé iomchuí iarratas a dhéanamh ar údarú Aontais.

### 3. **Teimpléad don deimhniú**

Ba cheart d'iarratasóirí ar údarú Aontais le haghaidh táirgí bithicídeacha úsáid a bhaint as teimpléad arna sholáthar ag ECHA maidir le deimhniú na 'gcoinníollacha céanna úsáide ar fud an Aontais'. Trí úsáid a bhaint as an teimpléad sin, áirithítear go soláthraítear an fhaisnéis ábhartha uile, agus go gceadaíonn an t-iarratasóir na foinsí faisnéise ábhartha sula gcuireann sé an t-iarratas agus an deimhniú isteach.

## D. **INFHEIDHMEACHT**

Baineann an treoraíocht seo le hiarratais a chuirtear isteach tar éis a foilsithe.

([6]) https://echa.europa.eu/regulations/biocidal-products-regulation/authorisation-of-biocidal-products/union-authorisation.

([7]) https://circabc.europa.eu/ui/group/e947a950-8032-4df9-a3f0-f61eefd3d81b/library/fedca475-d8c0-4666-a5f3-2d09155a8457/details.